C/2025/6340

20.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12096 — BPCE / NOVO BANCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6340)

1. An 12 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BPCE S.A. ('BPCE', an Fhrainc),

— Novo Banco SA ('Novo Banco', an Phortaingéil), atá faoi rialú Lone Star Global Acquisitions, Ltd. (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh BPCE rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Novo Banco ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc uilíoch Francach é BPCE a oibríonn sna hearnálacha miondíola baincéireachta agus árachais sa Fhrainc, agus i mbainistíocht sócmhainní agus rachmais, i mbaincéireacht mórdhíola, léasú agus san airgeadas trealaimh ar fud an domhain,

— Is banc uilíoch Portaingéalach é Novo Banco a sholáthraíonn réimse cuimsitheach de bhaincéireacht agus seirbhísí airgeadais do dhaoine aonair, ghnólachtaí agus chliaint institiúideacha. Oibríonn sé nach mór go heisiach sa Phortaingéil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12096 — BPCE / NOVO BANCO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË